2024/2382

10.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2382 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh na suirbhéanna ar *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival, ainmniú na láithreán táirgthe inmhíolaithe agus cúlghairm na mbeart i limistéir inmhíolaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a) go (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear bearta chun *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival ('an lotnaid shonraithe') a dhíothú agus chun a leathadh a chosc i gcríoch an Aontais. Tháinig sé i gcomharbas ar Threoir 69/464/CEE ón gComhairle ([3]), Treoir a aisghaireadh le Rialachán (AE) 2016/2031 ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195, tá na húdaráis inniúla le láithreán táirgthe a ainmniú mar láithreán inmhíolaithe i gcás inar deimhníodh go hoifigiúil láithreacht na lotnaide sonraithe sa láithreán sin leis na tástálacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(3) Maidir le limistéir a chríochnaigh na húdaráis inniúla mar dháileachtaí talún éillithe leis an lotnaid shonraithe, de bhun Airteagal 2(1) de Threoir 69/464/CEE, roimh an 1 Eanáir 2022, bhí amhras ann ar cheart iad a mheas a bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe freisin de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195. Chun a áirithiú go gcosnófar críoch an Aontais ón lotnaid shonraithe ar an leibhéal is airde is féidir, ba cheart na dáileachtaí talún sin a bheith faoi réir na gceanglas céanna leis na láithreáin táirgthe inmhíolaithe a ainmnítear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195. Ar an gcúis sin, in Airteagal 4(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart a shoiléiriú gur cheart a mheas go bhfuil dáileachtaí talún a críochnaíodh mar dháileachtaí talún éillithe de bhun Airteagal 2(1) de Threoir 69/464/CEE roimh an 1 Eanáir 2022 le bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe freisin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195, ní mór do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin 30 Aibreán gach bliain maidir le torthaí na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, ar suirbhéanna iad a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Ní mór dóibh na torthaí sin a thuairisciú i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(5) Tá sé níos praiticiúla tagairt a dhéanamh sa teimpléad do mhéid an limistéir inmhíolaithe sa bhliain a chumhdaítear sa tuarascáil agus sa bhliain roimhe sin freisin, seachas an limistéar críochaithe, mar is é an limistéar inmhíolaithe an limistéar lena n-éilítear an tuairisciú is mionsonraithe ar thorthaí. Thairis sin, ní sholáthraítear faisnéis shuntasach chun críocha an tsuirbhé trí shonraí a thuairisciú maidir le samplaí le haghaidh amharc-chigireacht ar thiúbair, ná trí mhionsonraí maidir le modheolaíocht na tástála i dtástálacha saotharlainne a thuairisciú. Dá bhrí sin, ba cheart na colúin faoi seach a bhaint den teimpléad suirbhé.

(6) Thairis sin, is gá a shoiléiriú sa chéad abairt d'Iarscríbhinn II go bhfuil an teimpléad le torthaí na suirbhéanna a dhéantar le linn na bliana féilire roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena mbunaítear bearta chun *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival a dhíothú agus chun a leathadh a chosc (IO L 185, 12.7.2022, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1195/oj).
([3]) Treoir 69/464/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1969 maidir le Galar Fadharcáin Phrátaí a rialú (IO L 323, 24.12.1969, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1969/464/oj).

(7) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 leagtar amach na coinníollacha maidir leis na bearta a chúlghairm mar a thagraítear dóibh in Airteagal 9 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(8) Thairis sin, agus chun an leibhéal is airde deimhneachta is féidir a áirithiú maidir leis an riosca físeashláintíochta faoi seach a dhíothú, is gá a chur le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195, i gcás inar úsáideadh an crios inmhíolaithe mar fhéarthalamh buan, ní féidir na bearta a chúlghairm ach amháin i gcás nár aimsíodh aon chomhartha ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe i samplaí ithreach, ar samplaí iad a glacadh tríd an scéim atá le húsáid chun an ithir a fháil le haghaidh na tástála a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1195 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an fomhír seo a leanas leis:

'Dáileachtaí talún a chríochnaigh na húdaráis inniúla mar dháileachtaí talún éillithe, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Threoir 69/464/CEE, roimh an 1 Eanáir 2022, measfar iad a bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) In Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1:

'1.1. Tar éis 50 bliain ar a laghad ón uair dheireanach a braitheadh an lotnaid shonraithe, má tá taifead gan bhearna ann de bharra sa chrios inmhíolaithe, rud a léiríonn gur comhlíonadh forálacha Airteagal 6(2) agus (3) le linn an ama ar fad agus nár úsáideadh an crios inmhíolaithe mar fhéarthalamh buan.

I gcás inar úsáideadh an crios inmhíolaithe mar fhéarthalamh buan, ní féidir na bearta a chúlghairm ach amháin i gcás nár aimsíodh aon chomhartha ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe i samplaí ithreach, ar samplaí iad a glacadh tríd an scéim atá le húsáid chun an ithir a fháil le haghaidh na tástála a chur i bhfeidhm, scéim a leagtar amach i bpointe 1.2;

nó'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/1195:

"IARSCRÍBHINN II

An teimpléad suirbhé dá dtagraítear in Airteagal 3

Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna ar **ghalar fadharcáin prátaí** a rinneadh le linn na bliana féilire roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair.

Ná húsáid an tábla seo ach amháin le haghaidh thorthaí an tsuirbhé i leith prátaí a sábháladh i do thír féin.

An Ballstát	Catagóir	Limistéar faoi bharr (ha)	Amharc-chigireacht ar thiúbair		Tástáil saotharlainne		Méid tosaigh an limistéir inmhíolaithe [1] (ha)	Méid nuashonraithe an limistéir inmhíolaithe [2] (ha)	Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715	Faisnéis bhreise
			An líon baisceanna	An líon baisceanna amhrasacha	An líon samplaí a tástáladh	An líon samplaí deimhneacha				
	Tiúbair prátaí le haghaidh plandú									
	Tiúbair prátaí cé is moite de na tiúbair prátaí le haghaidh plandú									

([1]) Méid iomlán an limistéir inmhíolaithe roimh an mbliain a chumhdaítear leis an tuarascáil.
([2]) Méid iomlán an limistéir inmhíolaithe sa bhliain a chumhdaítear leis an tuarascáil."